

Teach an Gheafta

CATHAL Ó SEARCAIGH



An Chéad Eagrán 2018
© Cathal Ó Searcaigh, 2018
ISBN 978-1-911363-90-4

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus pictiúr clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan



Foras na Gaeilge

Tugann Foras na Gaeilge tacaíocht do Leabhar Breac



Faigheann Leabhar Breac airgead ón gComhairle Ealaíon

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. www.leabharbreac.com

Caibidil 1

Bhí an ghrian ag cur cosa solais aisti féin os cionn Dhún Lúiche agus Mánas ag tógáil na Malacha Móra suas go Mín na Móna. Agus é amuigh ar an chothrom ag ceann na malacha, ghlac sé scíste nó bhí ga seá ann ón tsiúl aníos in éadan an chnoic. Is beag nach raibh sé ábalta cos a chur thar an chois eile bhí sé chomh spíonta sin. Bhí an t-allas ina rith leis ó chraiceann a chinn, óna leicinneacha agus anuas idir a dhá shlinneán. D'fhág sé uaidh a mhála droma ar ghruaimhín an bhealaigh agus sheas sé á fhuarú féin lena bhearád. B'fhada ó tháinig lá a bhí chomh te leis; faoi mheán lae bhí an teocht ag bualadh ar na fichidí arda is gan smíd aeir ann. Chan iontas ar bith go raibh Mánas traochta i ndiaidh dó amuigh agus istigh ar chúig mhíle a shiúl aníos in éadan an chnoic ó tháinig sé den bhus i mBaile an Droichid.

B'anásta an siúl é lá ar bith agus paca trom ar do dhroim leat ach bhí sé dhá uaire níos measa inniu sa bhruith-theas. Ádhúil go leor, tháinig anáil bheag aeir chuige anois, agus é amuigh ar an réiteach, a thug faoiseamh dó. Shín sé é féin síos ar leac creige a raibh craiceann de chaonach glas uirthi agus thug síneadh sásúil dá chnámha. I ndiaidh na gcúig uaire taistil ar an bhus ó Bhaile Átha Cliath i mairbhe an lae agus ansin an siúl tuirsiúil aníos in éadan na malacha, ba deas leis an sos beag seo. Ba mhór aige an pléisiúr a tugadh dó agus é ag mothachtáil an righneas agus an nimheadas ag síothlú as a chosa.

Cé go raibh sé amach sa tráthnóna, bhí teas marbhánta ann go fóill ach amháin an beochán beag aeir a bhí le fáil ar an airdeacht. Bhí gal teasa sa spéir agus é ag coinneáil scáth folaigh ar ghaidh na gréine ach bhí a cosa léithe ar fud fad an tsléibhe.

Aon áit ar leag sí a troigh ór-álainn, las an áit sin. B'aoibhinn le Mánas an spré solais seo a chur luisne sna mínte fraoich, sna beanna crochta agus sna mullaí arda. Ba mhó ab fhearr leis scaladh seo na gréine ar shleasa na gcnoc ná soilse gléigeala na cathrach.

Dhearc sé ina thimpeall ar leathantas sléibhe a bhí lán de chlúideacha seasra is d'ailteanna diamhra. Cé gur de thógáil Bhaile Átha Cliath é, b'anseo i bhfairsingeacht fhiáin an chaoráin a bhí a chroí. Sna bailte beaga fearainn seo faoi scáth mórthaibhseach an Earagail a chaith sé na laetha ba shólásaí dá óige. Bhí sé ag smaointiú dá ngearrfá tú féin ar shiúl ó chuideachta do mhacasamhla, ba seo áit mhaith le tearmann anama a aimsiú. I ré eile, thioctadh leis é féin a shamhlú ag mairstean anseo ar an uaigneas; ina dhíthreabhach ag déanamh caidrimh le Rí na nDúl is ag tabhairt a chúl le téirim an tsaol.

Rinne sé gáire beag doicheallach agus é ag cuimhneamh gur beag lé a bhí aige, i ndáiríre, le haon cheann de na creidíocha bunaidh ach go háirithe iad siúd a d'fhoinsigh ón tSean-Tiomna. Níor chreid Mánas i nDia an tSeanreachta úd; an Dia céanna ar chur na Críostaithe a gcosúlacht féin air agus an Dia a ndearna Mahamad, Allah an Chóráin as. Bhí sé ag meabhrú air seo anois agus é ag amharc uaidh suas droim garbh tortógach Mhín an Mhanaigh.

Ní hé nár chreid sé in Éifeacht éigin; fórsa fuinnimh a chuisligh ar fud fad na Cruinne ach nár bhain, beag nó mór, leis an Dia righin beadaí a chruthaigh muid féin; an Dia beag éadmhar drochmhianach daonna a chuir muid i réim. Bhí Mánas ag smaointiú go raibh i bhfad níos mó tuigsinte ag lucht na págántachta don fhoinsé bhunaidh seo a shníonn i ngach ní, beo agus neamhbheo. Ina ndearcadh siúd, bhí an duine agus an dúlra beannaithe, bhí gach uile ní ag claisceadal i gcomhcheol na Cruinne.

Bhí Mánas den bharúil gur chuir muid ár ndearcadh

dallradharcach teoranta trodach féin i bhfeidhm ar an Dia seo a chruthaigh muid. Mhúnlaiigh muid é inár gcló is inár gcrot féin. Chan aon iontas, arsa Máнас leis féin, go raibh an mearbhall aigne agus an seachrán céille céanna Air is a bhí ar an duine daonna.

Mhóthaigh Máнас ar a shocracht anseo amhail is go raibh gach féith ina chorp ag freagairt don fhiántas ina thimpeall. Ba doiligh leis a rá caidé ab údar don tarraingt seo murab a dháimh é lena fhód dúchais. Ó thaobh na dtaobhann, ba as an dúiche seo a sheanbhunadh. Máнас Ó Dónaill! Lena leithéid d'ainm b'fhurasta a ghinealach clainne a ríomh agus déarfadh sé le seanbhanríonacha Bhaile Átha Cliath gur eisean an ghéag a ba ríoga a shíolraigh riamh ó ríshliocht Thír Chonaill. Thóg siadsan sin i mbéal agus d'fháilteodh siad roimhe le 'here comes Miss Lavender Branch, Princess of Pluck and Pettigo.' Chuir a ngiodal bodóinsí agus a mbitsíocht aigeanta tiúin mhaith ar Mhánas i dtólamh.

Istigh anseo i gcrioslach na gcnoc d'aithin sé go raibh athrach beag ag teacht air. D'airigh sé níos éadromaigeantaí ann féin ná mar a mhóthaigh sé le fada. Ní raibh lá sonais aige ó bhain timpiste de Bashir. Ba mhillteanach an tubaiste é, fágadh a leannán gan mhothú is gan mheabhair. Bhí Máнас chomh mór sin trína chéile le bliain anuas gur chuma leis cén áit a n-éireodh nó a luífeadh an ghrian air. Nuair a fuair sé scéala faoin taisme, b'ionann oíche agus lá aige leis na smaointe dubhacha diúltacha a bhí á choscradh, ach de réir a chéile, agus in ainneoin go raibh sé anghoilliúnach, mhóthaigh sé é féin ag meabhrú go bhfeabhsódh Bashir agus go mbeadh siad i gcumann lena chéile arís. Ní raibh ann ach léirstintí beaga dóchais a tháinig chuige ar an uair annamh ach ba leor iad le hé a thabhairt amach as an dochrón agus an duairceas ar feadh tamallacha beaga gairide. Chan duine duairc a bhí ann ó dhúchas agus cha raibh sé sa nádúr aige a bheith diúltach, ach ba seo caill phearsanta a chloígh go croí é.

Bhí dóchas beag aige anois go maolófaí an crá croí seo a bhí

ag goillsteán air le fada. Dhéanfadh saoire an tsamhraidh anseo i suaimhneas an tsléibhe maith dó. Bhí gealladh misnigh i ngile an lae agus tógáil croí i gcaoineadas na gcnoc.

Bhí na smaointe seo ag rith fríd cheann Mhánais gur thit néal codlata air. Luigh sé siar ar shlat a dhroma, a phaca ina adhairt faoina cheann aige agus lig sé a scíth sa teas.

Bhí sé fá uair do luí na gréine nuair a dhúisigh sé agus a theanga amuigh leis an tart. Lena thaobh, bhí sruthán ag teacht anuas le fánaidh an chnoic, clocha beaga rua-mheirgeacha ar a ghrinneall. Chrom sé síos ar a bhéal agus ar a shrón agus d’ól sé tarraingt a chinn d’uisce úr an tsléibhe. Mhothaigh sé an tsuáilce bheo seo ag oibriú fríd a chuisleannacha ag cur athbhrí ann ionas go raibh a oiread de neart ann anois is a thabharfadh é an dá mhíle slí trasna an chaoráin go ceann a chúrsa i Mí na Móna.

Gan a thuilleadh moille, chruinnigh sé é féin suas, agus ar shiúl leis, port feadalaigh in airde aige. Ar an bhus ó Bhaile Átha Cliath, bhí sé ag éisteacht le The Gloaming ar a chuid cluasán agus go háirithe an cóiriú úr a chuir siad ar ‘Thugamar Féin an Samhradh Linn.’ D’aimsigh siad, dar leis, spiorad cianárta an amhráin seo agus thug siad leo é go mealltach dúshlánach isteach in urlabhra ceoil ár linne féin. D’fhabhraigh an fonn ina cheann agus ní thiocfadh leis é a ruaigeadh ar shiúl go fiú dá mba mhian leis a leithéid a dhéanamh. Ba sin an fonn a bhí á fheadalaigh aige anois agus é ag gabháil cabhsa na haicearra trasna an chaoráin. Ansin lig sé ailleog cheoil as nuair a b’fhacthas dó go raibh lámh shéanta á threorú thar phoill is thar dhíogacha.

*Samhradh, Samhradh
bainne na ngamhna;
thugamar féin an Samhradh linn,
Samhradh buí na nóiníní gléigeal’
thugamar féin an Samhradh linn.*

Bhí rud inteacht ag inse dó nach mbeadh a theacht go Mín na Móna in aisce air.

Bhí deich mbliana ann ó leag Máнас cos i Mín na Móna.

Chan iontas ar bith go dtáinig deoir lena shúil nuair a sheas sé ar amharc an tí seo a bhí á chrothnú aige le blianta; an teach buídhonn corcra céanna inar chaith sé samhraíocha a óige lena Mhamó. Péinteáilte ar lí an fhraoigh, ní raibh an teach rófheiceálach ach, de bharr sin, luigh sé isteach ní b'fhearr le nádúr na háite.

Suite leis féin in uaigneas an chaoráin, droim leathan Chnoc an Bhroic ar a chúl agus an Seascann Mór — léinseach ghlasliath de ghiolcaí is d'fhéar garbh — ar a aghaidh amach, bhí sé ar shuíomh tí chomh scoite is a d'iarrfá dá mba mhian leat a bheith ag déanamh uaignis. Ar eang talún idir an caorán agus an seascann, ní raibh de bhealach a fhad leis ach garbh-bhóthar portaigh.

Teach geafta a bhí ann lá den tsaol nuair a bhí an traein ag gabháil an treo sin, bhí lorg an riain le feiceáil go fóill os comhair an tí agus bhí cuailí cloiche na ngeaftaí ina seasamh san áit ar thrasnaigh na rálacha Bealach na Míne.

I ndaichedaí an chéid seo caite agus deireadh le ré na traenach i dTír Chonaill, cheannaigh Frankie Evans, péintéir mná as Londain a raibh ráchairt mhór ar a cuid pictiúirí tar éis an Chogaidh, Teach an Gheafta mar shuí samhraidh daoithi féin agus dá cumann, Bella Duffy. Gaol i bhfad amach de mhuintir Mhamó ab ea Bella agus de dhroim ar an mhuintearas a bhí eatarthu, d'fhág sí an teach le huacht ag Peigí, máthair mhór Mhánaís, nó Mamó mar a thug sé féin uirthi i gcónaí.

Gach bliain agus é ina ghasúr bheag, b'iondúil gur anseo a chaitheadh Máнас seal fada den tsamhradh faoi chúram Mhamó. Le Nuala, an iníon ab óige aici, Máнас, agus ní raibh ann ach é;

b'eisean úillín óir na máthar móire. Bhí a thuismitheoirí óg agus iad féin ag gabháil i gceann an tsaoil ina gcuid gairmeacha éagsúla; a mháthair ina riarthóir sa Ghailearaí Náisiúnta agus an t-athair, Ruairí Ó Dónaill, ina abhcóide sóisir le Berkery, Brehony & Cagney san ardchathair. Ní raibh ar Mhánas beag ach lúcháir a bheith lena Mhamó.

Bhí siad as cuntas, na dea-chuimhní a bhí aige den áit seo, na laetha gréine amuigh faoi bhéal an aeir ag cuidiú le Mamó an mhóin a shábháil nó, in aimsir bhoglaigh, an spórt a bhíodh acu beirt ag imirt cluichí boird is ag déanamh spraoi tí lena chéile.

Níorbh fhurasta do Mhamó a bheith gealgháireach mar go raibh daitheacha agus pianta cnámh ag cur uirthi, ach b'annamh riamh go bhfaca sé í faoi ghruaim nó ag gearán as a sláinte. Bhí spiorad dochloíte inti a choinnigh í sa tsíúl agus a thug acmhainn daoithi neamhiontas a dhéanamh den phian. 'Is fusa titim ná éirí,' a déarfadh sí, 'ach tá gus san éirí nach bhfuil sa titim.' Chaith sí a saol de réir an dearcaidh sin.

Bean í a bhí ar a suaimhneas amuigh san uaigneas. Ní hé go raibh sí seachantach ar dhaoine ar dhóigh ar bith ach thaitin cónaí an tsléibhe léi i ndiaidh blianta fada de shaol gnóthach an bhaile mhóir. Státseirbhíseach a bhí inti féin agus i Niall, a fear céile.

Faraor, sciobadh eisean ar shiúl uaithi le taom croí agus gan é ach an leathchéad. Ghlac sí féin le socrú scoir óna cuid oibre gan mhoill i ndiaidh bás a céile agus i dtrátha an ama chéanna, thosaigh sí ag tarraingt níos minice ar Mhín na Móna. Fuair sí sólás i saothrú an gharraidh, i ngiollacht na móna agus ina cónaí i suaimhneas na gcnoc.

Agus é ina ghasúr bheag, bhí an áit iontach ag Mánas agus é ag teacht as Baile Átha Cliath, an t-athrach aeir fiú amháin, úr agus glan i ndiaidh plúchtacht na cathrach. Agus ansin an caorán agus na cnoic agus an ciúnas. An ciúnas ach go háirithe. Ní hé

go raibh an áit tostach. Bhí sé lán de ghucarsach, de thafann, de mhéileach, ach chan ionann agus gleo géar garbh na cathrach a bhodhraigh é, d'fhág na fuaimeanna seo ina thámh é. Mhothaigh sé iad á cheansú amhail is dá mba méara a bheadh iontu agus iad ag síorchuimilt a chinn is a chluasa go sochma.

Dá mbíodh an tráthnóna maith shuíodh sé sa gharradh le luí na gréine, ag éisteacht le héanlaith uisce an tSeascainn ag slupairt, ag glugar is ag glaoch. B'aoibhinn leis an cleatar cliteach a rinne na lachain fhiáine agus iad ag neadú sna giolcaí. An oíche a dtéadh sé a luí agus a cheann lán de shluparnaigh agus de chleitearnaigh, de flapáil agus de shlapar an tSeascainn, ba sin an oíche a ba shólásaí a shuan.

Ansin, buaileadh go trom é. Bhí sé i gceann a naoi mbliana nuair a d'éag Mamó. Bhí an bás ag bagairt uirthi le tamall ó fuarthas amach go raibh a hae ite ag an ailse, ach nuair a d'éag sí baineadh an croí as. Ar feadh míosa ní thiocfaí baint faoi ach é ag gol is ag mairgneach. Rinne a thuismitheoirí a ndícheall le sólas a thabhairt dó ach dá mhéid a thaobhaigh siad leis is lú dá thoradh a bhí acu ar a gcúram. Bhí air a bhris is a chaill a chur de agus a ligean uaidh ar a dhóigh féin.

An rud ab eaglaí leis ar fad nó an saol folamh uaigneach a bhíthear a thaibhsiú dó a bheadh roimhe amach in éagmais Mhamó. Ar scoil agus é ag meabhrú ar a chaill, thigeadh cearthaí air amanta agus é os coinne an ranga sa chruth nach bhfanfadh focal ina cheann ach é ina sheasamh ansin ina stacán díbheo. B'fhada go mbeadh aithne bisigh ar bith air, ba chuma goidé a rinne a thuismitheoirí le cian a thógáil de. Ní raibh éinne le háit Mhamó a ghlacadh, a shíl sé, óir ní raibh éinne inchurtha léi.

Ar feadh leathbhliana chaoin sé uisce a chinn; chaoin sé go dtí nach raibh a thuilleadh ann le caoineadh. Mar a dhéanfá linn mharbh a thaomadh, thaosc sé an brón as a chroí. Thug sin faoiseamh dó agus de réir a chéile, tuigeadh dó nach dtiocfadh

an saol a bhí aige le Mamó arís go deo agus go gcaithfeadh sé a theacht leis sin.

Ba sin an t-am ar mhéadaigh a chion ar a mháthair. I dtrátha an ama seo, bhí a thuismitheoirí ag teacht aníos sa tsaol, teach breá acu i Ráth Garbh, an t-athair ina abhcóide sinsir agus an mháthair i bpost gradamach mar riarthóir na dtaispeántas úr sa Ghailearaí. Bean aigeanta dea-ghleásta faiseanta a bhí sa mháthair. B'ábhar bróid dó a bheith amuigh léi i lúb chuideachta.

Chífeadh sé daoine ag tógáil súile léi. Bhí sí chomh hálainn sin, chomh grástúil ina hiompar, agus gléasta go galánta i gcónaí. Ar ócáidí sóisialta, chluinfeadh Mánas 'chic' agus 'elegant' agus 'classy' á lua lena mháthair agus chífeadh sé mná eile ag baint lán na súl as a cóiriú, agus iontas orthu, agus éad, b'fhéidir fosta, as a hábaltacht le baill an-difriúil éadaigh le dathanna neamhghnáthacha nach gcuimhneofaí choíche go bhfreagródh siad dá chéile, a mheascadh agus a thabhairt i gceann a chéile go galánta. Bhí sí ina máistir ar ealaín an 'ensemble'.

Ní hamháin gur ise a mháthair, ba í an cara ab fhearr a bhí aige fosta. Fear ciúin a bhí san athair, claonadh ann a bheith beagáinín dúr agus seachantach sa bhaile, ach sa chúirt agus é ag feidhmiú mar abhcóide, bhí cáil na fíachmhaireachta air. Fear maith a bhí ann agus ní thiocfadh le Mánas é a lochtú. Thacaigh sé lena mhac, an t-aon duine clainne a bhí aige, nuair a bhí gá aigesean le taca, agus le treoir. Bhí sé fial agus fadcheannach lena chomhairle agus cé nach raibh sé ar a shuaimhneas leis an tsaol a bhí Mánas a leagan síos dó féin, níor cháin sé an rogha sin ná a chlaonadh. Ach mhothaigh Mánas go raibh doichead éigin eatarthu, amhail is nach dtiocfadh leis an athair creidbheáil gur ghin sé mac de shórt Mhánais. Bhí an bhearna sin eatarthu; deighilt dearcaidh, b'fhéidir, gur doiligh do cheachtar acu a thrasnú.

Tuigeadh do Mhánas go raibh réimse áirithe mothachtála

idir é féin agus a athair; tost duibheagánach éigin nach raibh teanga ag ceachtar acu le hurlabhraíocht a thabhairt dó. Ach a mhalairt ar fad a bhí fíor i dtaca lena mháthair de; bhí an chosúlacht air go raibh siad ag caint as béal a chéile, sin chomh dlúth agus a bhí a gcaidreamh.

Nuair a loiteadh Bashir sa timpiste bóthair i Maracó, chuaigh sí in éineacht leis go hAgadair le déanamh cinnte go raibh an cúram leighis aige ab fhearr agus ab éifeachtaí a thiocfadh a thabhairt dó sa tír sin. Bhí fios a gnóthaí aici agus í ag déileáil leis na húdaráis; dóigh mheallacach aici, ach dá mba ghá an focal borb, bhí sin aici fosta lena bealach a dhéanamh fríd mhaorlathas oifige an ospidéil. Ach ab é an cheannasaíocht nádúrtha sin a bhí aici agus í ag éileamh cóir cheart agus cúraim do Bashir, b'fhéidir gur curtha a bheadh sé faoin am seo.

Ba thrua le Mánas nach dtiocfadh le Bashir a bheith lena thaobh anois agus é arís den chéad uair le deich mbliana ar láthair a luathóige. Ó bhásaigh Mamó, bhí cúram Theach an Gheafta ar a aintín Nóra; bean chorr chantalach a choinnigh chuici féin is a chuir stop le héinne eile den teaghlach a theacht chun an tí. Ní raibh aithne uirthi nach léi féin gach clúid is gach coirnéal den áit agus ós rud é go raibh sí chomh hachrannach is a bhí, agus ar mhaithe le suaimhneas an teaghlaigh a choinneáil, d'fhág siad an áit fúithi. Le ham fuair sí seilbh agus teideal dleathúil na háite, níor chuir éinne ina coinne, agus nuair a d'éirigh sí as a post múinteoireachta i mBaile Dhún na nGall de bharr breoiteachta, ba i Mín na Móna a rinne sí cónaí nó go bhfuair sí bás.

Bhí sí coimhthíoch lena muintir agus amuigh orthu uilig ach is cosúil go raibh lé éigin aici le Nuala, máthair Mhánais, an deirfiúr ab óige a bhí aici nó d'fhág sí an teach aicise. B'iontach leo an tiomnú seo ós rud é nár nocht sí dáimh ar bith leo, beag ná mór, agus í ina beatha. Ach ba chuma leo, bhí siad buíoch a ámharáí agus a bhí siad seilbh a fháil ar áit chomh tarraingteach.

Agus i dtaca le Máнас de, b'ábhar gairdeachais a bhí ann dósan go speisialta, nó ghoill sé air nach raibh fáil aige le blianta ar theach Mhamó.

Ar scor ar bith, ní raibh uaidh ach an tsiocair an chathair a fhágáil agus ní raibh áit ní ba deise, dar leis, ná Teach an Gheafta leis an tsamhradh a chaitheamh ann. Chomh luath géar agus a bhí scrúduithe Gaeilge na dara bliana curtha de aige i gColáiste na Tríonóide, thug sé a aghaidh ar Mhín na Móna.

Bhí loinnir dheireannach an lae ag lí an tí agus Máнас ag gabháil isteach geafta an gharraidh. Ní raibh le cluinsteán aige ach éanlaith uisce an tSeascainn ag gíogarnach sna giolcaí agus scréachóg éin nár aithin sé ag cartadh a sceadamáin sna crainn ar chúl an tí. Cé a thógfadh air é má tháinig tocht air agus é ag cuimhneamh ar an am a bhí?

Feiceadh dó go raibh sé arís ina ghasúr beag agus é sna sála ag Mamó; í ag obair sa gharradh; gan sos ar a bhéal ach tuile shí cainte leis agus ise ag tabhairt cluas éisteachta dó, ba chuma goidé an cheastóireacht a bhí sé a dhéanamh uirthi. "Mhamó, cad tuige a bhfuil dath gorm ar an bhláth seo agus dath dearg ar an cheann sin?" "Mhamó, 'bhfuil anam ag na cuiteogaí?" "Éist, a Mhamó! Tá na crainn ag comhrá lena chéile. An gcluinn tú iad?"

B'fhacthas dó go raibh Mamó os a choinne arís, aoibh an gháire uirthi agus í ag míniú a leithéid seo dó agus ag moladh leis ansiúd. B'eisean an peata bán agus bhí a fhios aige sin ón tsúil thaitneamhach a thug sí dó. B'fhacthas dó go mbeadh lúcháir uirthi anois é a bheith arís ar na seanfhódaí.

Thug sé faoi deara go raibh a chuid oibre leagtha amach dó. Bhí an garradh ag imeacht fiáin agus an míntíriú ar fad a rinne Mamó ag gabháil ó mhaith. Bhí nádúr fiáin an chaoráin ag teacht

in uachtar arís; gairbhseach féir agus tomóga móra de fhraoch agus de fheagacha ag fáil an bhua ar na hiomairí agus ar na meannaireacha ordúla a thóg sí.

Chuir an t-athrach a bhí tagtha ar an gharradh cumha ar Mhánas. Ba chuimhneach leis an áit agus é amuigh i mbláth in ard an tsamhraidh. Bhí lámh bhláfar ar Mhamó agus é sin le feiceáil ar rachmas na nglasraí, na mbláth agus na dtorthaí a d'fhás sí. As a ndealramh, bhainfeadh maise agus méin na ndathanna úd an radharc as do shúile. Dhearbhaigh Mánas dó féin agus do Mhamó go ndéanfadh sé a dhícheall le bláth agus slacht a chur arís ar an gharradh.

Ba léir nach dtugadh a aintín aire ar bith don talamh sna blianta a raibh sí i mbun na háite ach ba mhór an sásamh do Mhánas nach ndearna sí aon mhórathrach ar an teach ach oiread. Ach amháin an seomra folctha a raibh athchóiríú ó bhonn déanta air, bhí gach uile rud eile fágtha ina alt féin ó aimsir Mhamó; an sofa mór boglíonta sócúlach céanna os coinne na tine. Ba mhinic a rinne sé féin agus Mamó dreas codlata ar an tolg seo. An seantábla cruinn mahagaine leis na cathaoireacha cúlarda giúise ansiúd i lár an urláir. An drisiúr de dhéil dhearg leis na gréithe gleoite cré i gcoirnéal na cisteanáí. An stól súgáin ar a suíodh sé agus é ag léamh. An ealaín chéanna crochta ar na ballaí, bhí Mamó tugtha do phictiúirí tírdhreacha agus cheannaíodh sí ceann nó dhó gach bliain le tacaíocht a thabhairt do phéintéirí áitiúla. Thug Mánas faoi deara go raibh pictiúr amháin de chuid Frankie Evans fágtha sa teach go fóill, scéitse pinn de Theach an Gheafta agus Cnoc an Bhroic sa chúlra. Ar nós a cuid pictiúirí ar fad; agus bhí an bailiuchán luachmhar dena cuid oibre a bhí i seilbh Mhamó, acusan i mBaile Átha Cliath anois — bhí an sceitse seo ar ardchaighdeán líníochta. Bhí súil oilte ag Mánas d'obair ealaíne agus é ábalta breith léirsteanach a thabhairt ar shaothar, bua a d'fhoghlaim sé óna mháthair.

Ar an urlár íochtarach, bhí aghaidh an tí uilig, nach mór, faoi ghloine, rud a d'fhág luí an tsolais ar an tseomra suí agus ar an chisteanach. Bhí lúcháir ar Mhánas gur fágadh na fuinneoga móra solasmhara seo mar a bhí siad; ba chuimhneach leis mar a líon siad an seomra le gile an lae agus mar a lig siad isteach spéir na hoíche.

Ar oícheanta spéirghealaí bhí nós ag Mamó gan ach coinnle a lasadh ionas go bhfeicfidís an spéir fríd an ghloine seo. Scór bliain roimhe sin, an bhliain chéanna a rugadh Mánas, chuir Mamó isteach na fuinneoga seo nuair a bhí sí ag cur bail úr ar an teach. 'I dtaca le haois de, níl caill orthu,' a mheabhraigh Mánas go rógánta agus é ag feiceáil a scáile dea-chumtha féin sa ghloine. Stócach dathúil a bhí ann; bhí a fhios aige féin é sin. Fionnbhán agus seang; ag cúig troighe ocht n-orlaí, bhí a sháith méide ann. Bhí snua glanchraicneach a ghnúise á fhágáil níos óigeanta i gcuma ná mar a bhí sé. De thairbhe an aoibh dheas shoineanta a bhí air, bhí toil mhór ag daoine dó. Ní chíféa go dtí go gcuirfeá aithne cheart air an fhéith bhanúil a bhí ann; an dóigh ghrástúil a bhí aige lena thóin a chur faoi i gcathaoir, an choiscéim siúil a bhí teann tomhaiste agus iarracht bheag den deismínteacht inti; an cúram a chaith sé lena chóiriú éadaigh. Bhí sé á choimhead féin sa ghloine agus ag smaointiú ar an aistíocht bheag bhanúil seo a bhain leis; an ó dhúchas a tháinig sé leis nó an gothaí iompair iad a phioc sé suas; an aistíl fhaiseanta a d'fhoir don chlaon gnéis a bhí ann. Bhí sé ag meabhrú ar sin agus ag gáireach leis féin agus é ag ardú an staighre, ag déanamh aithrise ar stiúir siúil a bhí an-phiteanta.

Is beag athrach a bhí tagtha ar thuas staighre ach oiread. Bhí na leathbhallaí adhmaid céanna ann, an gioscán úd fós i gcláraí an urláir, an suíochán cluthar céanna i bhfuinneog na binne. I dtaca leis an dá sheomra leapa, bhí an ceann mór inar chodlaigh sé féin agus Mamó ann, seomra na gile mar a ba chuimhneach leis é —

bhí sé péinteáilte anois i mbuí trom donn míofar. Dhéanfadh sé cúis go bhfaigheadh sé faille cóta de phéint níos séimhe a chur air.

Bhí an leaba ceithre phost ar iarraidh agus ceann níos lú, gnáthleaba nua-aoiseach curtha ina háit. Ghoill an t-athrú ar Mhánas. Uaimh chluthar na hoíche a bhí sa leaba chéanna. Ba mhinic a chodlaigh sé inti lena mháthair mhór, cuirtíní de chreiteon deargrósach ina dtimpeall a thug fuaradh daofu i dteas an tsamhraidh agus cosaint ó shiorradh isteach le linn séideadh gaoithe. Bhíodh Mamó ag inse dó gur ó theach mór éigin i Sasain a tháinig an leaba agus gur cheannaigh Frankie Evans í i dteach ceantála i Londain. Bhí sé ráite gur chodlaigh Mrs Pankhurst inti; bean a tharraing aird ar chearta na mban i dtús an fichiú céad agus a throid go dícheallach ar son ceart vótála daofu.

Bhí an-spéis ag Mamó i stair na Sufraigéidí agus go háirithe i saol Eva Gore-Booth agus a buanchara Esther Roper agus an obair mhór a rinne siad dís ar son na cúise sin i Manchúin Shasana. Uair amháin, thug sí Mánas ar thuras lae go Lios an Daill i gContae Shligigh agus léigh sí dán Yeats, 'Light of Evening, Lissadell' dó sa gharradh agus an ghrian ag gabháil faoi, loinnir dheiridh an lae ag cur drithlí i bhfuinneoga móra an tseantí.

Ba doiligh do Mhánas an seomra a shamhlú gan an leaba bhog shócúlach úd a bheith ann. Agus é beag, bhíodh an leaba seo ina long chogaidh aige, ina spásárthach, ina carbhán camaill. Throid sé cathanna fuilteacha inti lena dhíormaí de shaighdiúirí coise agus cabhlaigh; sheol sé inti i bhfad amach sa Spás leis an domhan is a dhaoine a shábháil ar ionradh ón Uafás.

Do Mhánas Beag agus na cuirtíní tromchiallacha tarraingthe thart air, ní leaba amháin a bhí ann ach pluais an iontais agus saotharlann na samhlaíochta. Istigh ansiúd d'fhéadfadh sé cló nó crot ar bith a ba mhian leis a ghairm chuige. Faoi chumhdach rúin na leapa úd bhí sé ina mháistir ar a chinniúint.

Agus an seomra beag a bhíodh i gcónaí glan ordúil agus faoi

réir do chuairoteoirí, bhí sé ina sheomra stórais anois agus é líonta go doras le lumpar lampar an tí. B'fhuath le Máνας míshlacht. Tá sé ráite go mbíonn claonadh i ndaoine a rugadh faoi chomhartha na Maighdine a bheith ordúil ina ndóigh. Bhí Máνας ar dhuine acu seo a bhí ag cur leis an tuar sin. San áit go scaipeadh duine eile a cheirteacha fudar fadar ar fud an tseomra, chaithfeadh Máνας a chuidsean a leagan amach go néata, cúramach. Bhí sé de nádúr ann a bheith ordúil agus slachtmhar. Déarfadh a mháthair gur mhór an mhaise ar an teach é mar gur choinnigh sé an áit scuabtha glansciúrtha nuair a bhíodh sí as baile ag freastal ar chruinnithe. Mr Pernickety Tidy an leasainm a bhí aici air.

I ndiaidh dó an teach a shiúl, bhí sé réidh fá choinne greim bídh a ithe. Bhí a mháthair anseo an tseachtain roimhe sin agus thug sí cuid an riachtanais anuas as Baile Átha Cliath sa charr; a rothar, stór mór leabhar agus a sholáthar éadaí ar feadh an tsamhraidh. Lena chois sin, d'aeráil sí an teach, d'fhág sí éidiú leapa faoi réir dó agus líon sí an reoiteoir le béilí blasta a d'ullmhaigh sí féin. D'fhág sí an cuisneoir ina chorn na bhfuíoll fosta, lán le cartáin de shú úll agus oráiste agus le beadaíocht bheaga sobhlasta; ológa, paté, cáiseanna. Rinne sí cinnte nach mbeadh ocras ná tart air in aicearracht.

D'fhliuch sé an tae, d'fhoscail sé canna d'iasc stánaithe, ghearr sé leadhb aráin. I gcúpla bomaite bhí greim gasta curtha i dtoll a chéile aige. Shuigh sé siar sa sofa agus rinne sé a chuid go pléisiúrtha agus é ag smaointiú nárbh fhearrde áit a mbeadh sé.

Sula ndeachaigh sé a luí, steipeáil sé amach sa gharradh le blaiseadh a fháil d'aer úr na hoíche. Bhí sé go díreach ag gabháil ó sholas ach bhí stríocacha dearga na dea-aimsire le feiceáil go fóill amuigh ag bun na spéire. Bhí ceathrú gealaí ina suí os cionn an Earagail agus b'fhacthas do Mhánas go raibh sí crochta ansiúd chomh cocáilte le cluais agus í ag cúléisteacht le scéalta reatha na beatha.

Chuir spéir ghlé na hoíche lán a chroí d'aoibhneas air agus, leoga, lán a chinn d'iontas fosta. B'ábhar machnaimh dó i dtólamh na críocha abhalfhairsinge gan chríoch a bhí os a chionn; na cruinneagáin réaltóg gan aithne amuigh ansiúd sa Duibheagán. Agus an solas seo a bhí ag teacht chuige anois thar achar doshamhalta Spáis, an ó réalta éigin a chuaigh as na cianta de shaolta ó shin a bhí sé ag teacht?

Anois bhí breacsholas na hoíche ina luí go sochma ina thimpeall agus os a chionn bhí an spéir ar barr amháin lasrach. Tháinig oibriú ar a intinn agus é ag breathnú suas ar an chaor réaltógach seo a shín go líonmhar lasánta thar Bhealach na Bó Finne. Gídh gur fada uainn iad, chreid Mánas gur cuid dín féin iad ó dhúchas; nach raibh ionainn ó thús ach an dustalach beo a séideadh sa treo seo as an Spás úd amuigh. Tháinig líne leis an Ríordánach chun a chuimhne, 'níl áit ar fud na Cruinne nach ann a saolaíodh sinne,' an líne b'uaimhiananí dar chum sé, dar le Mánas, agus an líne ab áilne lena chois sin.

Bhí plainéid ag caochadh leis anois as doimhneachtaí diamhara na spéire is ba thrua leis nach gcuirfeadh sé a chois ar aon cheann acu lena bheo. Ach níos measa fós tháinig tocht beag air agus é ag smaointiú nach dóiche go mbeadh sé saolach leis an uair chinniúnach úd a fheiceáil nuair a dhéanfaí teangmháil le beathacháin ó phlainéid éigin eile. Bhí Mánas dearfa nach muidinne an t-aon bheatha a tháinig in inmhe i bhfairsingeacht na Cruinne. Chreid sé go raibh neacha le hintlíocht scaipthe ar fud an Chosmais. Easpa dearcaidh a bhí ann, dar leis, sílsteán gur muidinne an t-aon bheith mheabhrach amháin a tháinig chun cinn i measc na réaltaí.

Ní raibh smid san aer. Cógarach dó bhí tor aitinne ag cur bolaidh, cumhracht a raibh blas beag den chnó cócó le mothachtáil air. Ghlac sé tarraingt anála den mhus mhilis seo siar isteach ina scámhóga. B'fhada uaidh a bheith míshásta le húire

shláintiúil an aeir i Mín na Móna. Ba den folláine é a oiread de a fháil agus a thiocfadh leis. I mBaile Átha Cliath bhí sé róthugtha do bheith istigh agus bhí an chosúlacht sin, shíl sé, ar a aghaidh bhánghnéitheach. Ní imeodh lá air agus é anseo, a gheall sé do féin, nach mbeadh sé amuigh faoin spéir agus é ag fáil a sháithe d'aer folláin an tsléibhe. Ba é an trua nach dtiocfadh le Bashir a bheith leis lena théarnamh a dhéanamh anseo i Mín na Móna. Ach i dtaca le cúrsaí sláinte de, ní raibh ann ach go raibh Bashir beo agus ní raibh comharthaíocht ar bith uaidh go fóill go raibh sé ag bisiú nó ag teacht chuige féin. Bhí Mánas agus a mháthair i dteangmháil rialta le muintir Bhashir in Agadair agus iad uilig ag fanacht ar thiontú beag bisigh a thabharfadh croí daofu.

Ba san oíche a tchífeá cé chomh scoite agus a bhí Teach an Gheafta. Ní raibh solas tí le feiceáil thiar ná thoir. Bhí an teach a ba ghairé dó míle go leith siúil uaidh agus i bhfolach ar chúl an chnoic i Mín an Draighin. Bhí ainchleachtadh ag Mánas ar dhorchadas na gcnoc ach ní raibh sin ag cur a dhath buartha air. Ba sin, dar leis, buntáiste Mhín na Móna; an t-uaigneas, an dorchadas agus an suaimhneas. Chuirfeadh iargúltacht Theach an Gheafta scáth agus uamhan ar go leor daoine agus go háirithe dá gcaithfeadh siad an oíche a chaitheamh ann ina n-aonar, gan ina dtimpeall ach blár an chaoráin agus glugarsnach an tseascainn. Ach bhí an t-ádh le Mánas nach raibh sé uaigneach. Bhí sé den bharúil gur beag an dochar a dhéanfadh taibhsí an dorchadais duit. Ba mheasa i bhfad lámh dhearg na mbeo.

Bhí na crucaidí caoráin ag gleadhradh ceoil agus Mánas ag gabháil a luí. Thit sé ina chodladh agus é ag éisteacht leis 'na lupadáin lapadáin', focal a thóg sé ó Mhamó, agus iad ag glabarnaigh leo thíos sa tSeascann.